TG4

## Cruthaitheoir Ábhair Dhigitigh

**Conradh Buan**

Cuirfidh TG4 fáilte roimh iarratais ar an bpost Cruthaitheoir Ábhair Dhigitigh. Beidh an té a cheapfar ag obair le foireann Mhol Cruthaitheach TG4 agus freagrach don Bhainisteoir Cruthaitheach.

Tugann na Meáin Shóisialta deis do TG4 ceangal leis an bpobal féachana mar aon le pobal nua a mhealladh chuig ábhar TG4.  Cuirfear fáilte roimh iarrthóirí a bhfuil tuiscint acu ar TG4, a bhfuil sainscil sna hardáin Shóisialta acu mar aon le taithí acu orthu, agus a bhfuil Gaeilge agus Béarla den scoth acu.

Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

**An Ról:**
Beidh an té a cheapfar freagrach as feachtais agus ábhar a cruthú d'ardáin Meán Sóisialta TG4.

Beifear freagrach as ábhar a chruthú d'ardáin Meán Sóisialta TG4 ar Instagram, TikTok, BlueSky, Facebook, LinkedIn, YouTube agus aon ardán eile ag brath ar riachtanais TG4.  Beidh taithí ag an té a cheapfar ar bheith ag cruthú ábhar poiblíochta agus margaíochta ar na hardáin shóisialta.

**I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, gan bheith teoranta dóibh, beidh;**

- Oibriú ar fheachtais, imeachtaí agus seoltaí náisiúnta
- Ábhar digiteach, ábhar físeáin san áireamh, a chruthú agus eagarthóireacht a dhéanamh air.
- Deiseanna réamhghníomhacha a aithint le haghaidh ábhar rannphairtíochta agus ábhar freagartha do na hardáin
- Freastal ar imeachtaí chun ábhar a thaifeadadh do na cainéil meán sóisialta go léir
- Ábhar agus feachtais shóisialta a phleanáil agus a sceidealú

- Sócmhainní digiteacha a dhearadh d'ábhar bolscaireachta agus feachtais
- Cúnamh a thabhairt le gnéithe idirghníomhacha le linn imeachtaí beo
- A chinntiú go ndéantar gach ábhar a chur i gcrích de réir na straitéise sóisialta, na gcuspóirí agus na bpríomhtháscairí feidhmíochta
- Dearcadh ina dtugtar tús áite do na meáin shóisialta a chur chun cinn maidir le feachtais chomhtháite agus tú ag obair i gcomhar leis an bhfoireann chruthaitheach
- Cuidiú le foirne lena chinntiú go gcuirtear dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh i bhfeidhm agus comhairle a thabhairt maidir le hábharthacht sócmhainne don phobal agus do chainéil
- Dul i mbun plé le rannóga ábhartha
- Aon fhreagrachtaí réasúnta eile a mheasann an bainisteoir bunaithe ar riachtanais an ghnó nó riachtanais na rannóige.

**Nithe atá riachtanach don phost:**

- A bheith tiomanta d'Fhís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.
- Taithí theagmhálach 3 bliana ar a laghad i margaíocht dhigiteach agus i mbainistiú feachtas.
- Dea-theist chruthaithe ar spriocanna a bhaint amach / pleananna a chur i gcrích.
- A bheith solúbtha i dtaobh taisteal a dhéanamh nuair is gá ar mhaithe le feachtas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Sárscileanna idirphearsanta agus bainistithe mar aon le hardchaighdeáin ghairmiúla don tseirbhís do chustaiméirí, do chaighdeán na hoibre, aird den scoth ar mhionsonraí agus thar a bheith eagraithe.
- Inniúlacht i mbainistiú ardán meán sóisialta agus in uirlisí sceidealaithe ábhair
- Scileanna taighde agus anailíse, agus ábalta brí a bhaint as príomh-mhéadrachtaí feidhmíochta
- Tá inniúlacht in Adobe Creative Suite agus i ndearadh grafach riachtanach.
- Ábalta taighde a dhéanamh ar mhodhanna eagarthóireachta, ar chuir chuige agus ar na modhanna léirithe is déanaí a bhaineann le hábhar a chruthú do na meáin shóisialta.
- Sárscileanna cóipscríbhneoireachta.
- Mioneolas ar Instagram, Facebook, LinkedIn, uirlisí sceidealaithe, agus ar dhea-chleachtais ar fud na n-ardán meán sóisialta.
- Duine atá sásta oibriú as a stuaim féin agus a bhfuil cur chuige réamhghníomhach aige i dtaobh ábhar tarraingteach a chruthú.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

Sa gCeannáras i mBaile na hAbhann a bheidh an post lonnaithe. Tá polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm ag TG4.

**4pm Déardaoin an 29 Eanair 2026 an spriocdháta d'iarratais. Seol CV mar aon le litir iarratais chuig: cv@tg4.ie**

## Eolas Breise don Iarratasóir

**Grád an Phoist:** Grád 5

**Uaireanta Oibre:**
39 uair sa tseachtain. Táthar ag súil, mar gheall ar riachtanais an phoist, go mbeifeá solúbtha ó am go ham, i.e. go mbeifeá sásta, scaití, oibriú lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**
Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**
Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:** Beidh taisteal in Éirinn i gceist ó am go ham mar chuid den ról.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |